

Tionchar an Chéad Chogadh Domhanda ar mhuintir na hÉireann

Príomhthoradh Foghlama:
2.8 cur síos a dhéanamh ar thionchar an chogaidh ar shaol mhuintir na hÉireann, ag tagairt don Chéad Chogadh Domhanda nó don Dara Cogadh Domhanda

Torthaí Foghlama Ábhartha Eile: 1.1, 1.2, 1. 3, 1.5, 1.6, 1.9, 2.2, 2.3, 2.4, 2.5, 2.6, 2.7, 2.9, 2.11, 2.13, 3.11, 3.14



Fiosrú Focal

Féach ar na focail thíos. An bhfuil focail cosúil leo le fáil in aon teanga eile? Mura n-aithníonn tú na focail, bris síos i bhfocail níos lú iad.

marú	saighdiúir/ saighdiúirí	trasna	salach	sprioc	reisimint/ reisimintí
dúnmharú	sibhialtach/ sibhialtaigh	trasnaigh	dúshlán	namhaid	aontachtaí/ aontachtaithe
feallmharú	cogadh cathartha	stailc		scála	fostóir

Éire in 1914

In 1912, gheall rialtas Westminster go mbeadh Rialtas Dúchais in Éirinn i ndiaidh dhá bhliain. Thosaigh Aontachtaithe Uladh ag eagrú airm, Óglaigh Uladh, le cur i gcoinne an Rialtais Dúchais. Bhunaigh náisiúnaithe a n-arm féin, Óglaigh na hÉireann, le cinntiú go gcuirfí Rialtas Dúchais i bhfeidhm. Roimh i bhfad, bhí gunnaí ag an dá arm sin. Faoi shamhradh na bliana 1914, bhí cogadh cathartha ar tí tosú in Éirinn.

Ba bhliain stailceanna é 1913, agus chríochnaigh sé le frithdhúnadh a lean ó Lúnasa 1913 go dtí Eanáir 1914. Easaontas a bhí ann idir 20,000 oibrí agus 300 fostóir i mBaile Átha Cliath mar gheall ar dhroch-choinníollacha oibre.

In 1914, bhí an ceart vótála do mhná go mór i mbéal an phobail in Éirinn agus sa Bhreatain.

An Chéad Chogadh Domhanda

Thosaigh an Chéad Chogadh Domhanda ar an 28 Iúil 1914, tar éis fheallmharú an Ard-Diúc Franz Ferdinand, oidhre choróin na hOstaire. Chuir a dhúnmharú tús le cogadh a troideadh ar fud na hEorpa agus a mhair go dtí 1918. I rith na gceithre bliana sin, throid na Cumhachtaí Lárnacha i gcoinne na gComhghuaillithe. Thochail saighdiúirí ar an dá thaobh trinsí chun iad féin a chosaint ón taobh eile agus chónaigh siad sna trinsí sin freisin. Bhí na coinníollacha maireachtála sna trinsí dúshlánach salach marfach. Ba é sprioc na n-arm ná smacht a fháil ar thrinsí na namhad. Mar

gheall ar uafás na dtrinsí, mar aon le nuálaíochtaí teicneolaíochta, tharla léirscrios ar scála nach bhfacthas cheana. Faoin uair a bhí an Chéad Chogadh Domhanda buaite ag na Comhghuaillithe, bhí 16,000,000 duine, idir shaighdiúirí agus sibhialtaigh, marbh. Tugadh 'an Cogadh Mór' ar an gcogadh seo freisin.

Na Cumhachtaí Lárnacha	Na Comhghuaillithe
An Ghearmáin, Impireacht na hOstaire agus na hUngáire, an Impireacht Otamánach, an Bhulgáir	Impireacht na Breataine, Impireacht na Fraince, an Rúis, an Iodáil, Meiriceá, an tSeirbia, an Bheilg
Ghlac tíortha difriúla páirt sa chogadh ag amanna difriúla.	

Foclóir

gheall (aimsir chaite, geall) an rialtas: ***the government promised***
oidhre choróin na hOstaire: ***the heir to the Austrian Crown***
marfach: ***deadly, fatal***
a mhair go dtí: ***which lasted until***
na Cumhachtaí Lárnacha: ***the Central Powers***
na Comhghuaillithe: ***the Allies***
thochail siad trinsí (aimsir chaite, tochail): ***they dug trenches***
coinníollacha maireachtála: ***living conditions***
uafás: ***horror***
nuálaíochtaí: ***innovations***
léirscrios: ***devastation***
an Cogadh Mór: ***the Great War***

Éire agus An Chéad Chogadh Domhanda

Toisc go raibh Éire ina coilíneacht in Impireacht na Breataine, ní raibh aon rogha ag an tír ach a bheith páirteach sa Chéad Chogadh Domhanda. San iomlán, throid tuairim is 200,000 Éireannach sa chogadh. Throid siad in Arm na Breataine, nó i bhfórsaí armtha sa tír inar lonnaigh siad, leithéidí Ceanada, an Astráil agus Stáit Aontaithe Mheiriceá. B'in an líon ba mhó Éireannach a throid i gcogadh riamh.

I rith an chogaidh, chaith duine as gach triúr fear a bhí in aois troda in Éirinn, tréimhse in Arm na Breataine. Bhí trí rannán Éireannacha in arm na Breataine, an 36ú Rannán (Ulaidh) agus dhá rannán deisceartacha – an 10ú rannán agus an 16ú rannán.



Saighdiúirí ó Fhiúsailéirí Ríoga Inis Ceithleann sna trinsí in 1917.



Trinse caomhnaithe ag Sanctuary Wood, Ypres sa Bheilg. Is féidir cuairt a thabhairt ar an gceantar sa lá atá inniu ann.

Na cúiseanna a ndeachaigh Éireannaigh ag troid

Ceist an Rialtais Dúchais agus Aontachtaithe: Gheall Edward Carson go mbeadh Óglaigh Uladh ar fáil don chogadh. Bhraith aontachtaithe gurbh í Impireacht na Breataine an tsibhialtacht ab fhearr ar domhan. Mar sin, theastaigh uathu an impireacht a chosaint agus fanacht mar chuid di. Chreid aontachtaithe dá dtroidfidís go cróga ar son na hImpireachta sa Chéad Chogadh Domhanda, go bhfágfaí faoi riail pharlaimint Westminster iad. Ba i gCúige Uladh a bhí an ráta ab airde earcaíochta in Éirinn, áit ar chónaigh tromlach na n-aontachtaithe.

Foclóir

an tsibhialtacht: *the civilisation*
an ráta ab airde earcaíochta: *the highest recruitment rate*

Ceist an Rialtais Dúchais agus Náisiúnaithe: Spreag focail cheannaire Pháirtí an Rialtais Dúchais, John Redmond, go leor náisiúnaithe chun dul ag troid sa Chogadh Mór. Thug Redmond óráid cháiliúil ag an nDroichead Adhmaid, i gContae Chill Mhantáin, i Meán Fómhair 1914, ina ndúirt sé le hÓglaigh na hÉireann:



The duty of the manhood of Ireland is twofold. Its duty is, at all costs, to defend the shores of Ireland against foreign invasion. It is a duty more than that of taking care that Irish valour proves itself: on the field of war it has always proved itself in the past. The interests of Ireland - of the whole of Ireland - are at stake in this war. This war is undertaken in the defence of the highest principles of religion and morality and right, and it would be a disgrace forever to our country and a reproach to her manhood and a denial of the lessons of her history if young Ireland confined their efforts to remaining at home to defend the shores of Ireland from an unlikely invasion, and to shrinking from the duty of proving on the field of battle that gallantry and courage which has distinguished our race all through its history. I say to you therefore, your duty is twofold. I am glad to see such magnificent material for soldiers around me, and I say to you - Go on drilling and make yourself efficient for the Work, and then account yourselves as men, not only for Ireland itself, but wherever the fighting line extends, in defence of right, of freedom and religion in this war.

Chreid náisiúnaithe go gcuirfí Rialtas Dúchais d'Éirinn i mbaol mura dtabharfaidís tacaíocht don Bhreatain sa chogadh. Chreid Redmond go mbeadh na haontachtaithe níos sásta glacadh le Rialtas Dúchais dá dtroidfeadh náisiúnaithe sa chogadh.

Níor chreid gach náisiúnaí gur cheart d'Éireannaigh páirt a ghlacadh sa chogadh áfach, agus tharla scoilt sna hÓglaigh. Tugadh na hÓglaigh Náisiúnta ar na náisiúnaithe a thacaigh le John Redmond. Do gach deichniúr a lean Redmond isteach san eagraíocht nua, d'fhan náisiúnach amháin le hEoin Mac Néill agus le hÓglaigh na hÉireann.



Bhí Tom Kettle, iarpholaiteoir le Páirtí an Rialtais Dúchais, ag ceannach gunnaí do na hÓglaigh sa Bheilg nuair a thosaigh an cogadh ann. Chuaigh an t-uafás a chonaic sé go mór i bhfeidhm air agus chreid sé go raibh an ceart ag John Redmond go mbeadh ról ag náisiúnaithe sa chogadh.

Foclóir

Droichead Adhmaid, Contae Chill Mhantáin: *Woodenbridge, Co. Wicklow*
i mbaol: *in danger*
cur i gcoinne ó na haontachtaithe: *Unionist opposition*
dá léireodh náisiúnaithe a ndílseacht: *if nationalists showed their loyalty*
eagraíocht: *organisation*

Foclóir

fonn eachtraíochta: *desire for adventure*
imeachtaí móra a linne: *major events of their time*
mná rialta: *nuns*
thacaigh siad leis an gcogadh: *they supported the war*

Fonn eachtraíochta: Chuaigh fir áirithe isteach sa chogadh ag lorg eachtraíochta. Theastaigh uathu cuid den domhan a fheiceáil nó theastaigh uathu a bheith páirteach in imeachtaí móra a linne. Chuaigh Tom Barry as Corcaigh isteach san arm agus é 17 mbliana d'aois. Scríobh sé 'I was not influenced by the lurid appeal to fight to save Belgium and small nations. I went to the war for no other reason than that I wanted to see what war was like, to get a gun, to see new countries and to feel a grown man'. Bhí cairde, a chláraigh le chéile don chogadh, in ann fanacht le chéile i rith an chogaidh sna 'pals battalion.' Mar sin, chláraigh a lán fear ón tsráid chéanna, nó ón scoil nó ionad oibre céanna, don chogadh. Bhí an pobal mór den tuairim go mbeadh an cogadh thart go luath agus go mbeadh na saighdiúirí sa bhaile don Nollaig.

Traidisiún míleata: Nuair a thosaigh an Chéad Chogadh Domhanda, bhí 50,000 Éireannach in Arm na Breataine cheana féin. Bhí traidisiún láidir den tseirbhís mhíleata i mBaile Átha Cliath, Corcaigh agus Tiobraid Árann ach go háirithe, agus lean an traidisiún sin i rith an Chéad Chogadh Domhanda.

Ról na hEaglaise Caitlicí: Bhí tionchar mór ag an Eaglais Chaitliceach ar mheon phobal na hÉireann ag an am. Tír bheag Chaitliceach ab ea an Bheilg. Chuir scéalta d'ionsaithe ar mhná rialta agus ar fhoirgnimh Chaitliceacha uafás ar dhaoine. Thacaigh an Eaglais Chaitliceach leis an gcogadh ar mhaithe leis an gcreideamh Caitliceach a chosaint.

Bochtaineacht Bhaile Átha Cliath: Sa bhliain 1900, bhí an ráta ab airde báis naíonán sa Ríocht Aontaithe i mBaile Átha Cliath. Bhí slumaí Bhaile Átha Cliath níos measa ná slumaí Londain, Glaschú ná Birmingham. Léiríonn daonáireamh 1911 go raibh na coinníollacha tithíochta ba mheasa i mBaile Átha Cliath. Chónaigh 36% de na daoine i mBaile Átha Cliath i dtionóntáin aon seomra.



Tionóntán aon seomra, Sráid Francis. Feictear ón ngrianghraf gur chodail an teaghlach sa seomra seo, d'ith siad ann agus chuaigh siad chuig an leithreas ann. Tá salachar ar éide an chailín agus ar an mballa agus seans go bhfuil na ballaí tais freisin.

Coinníollacha oibre: Bhí an ráta dífhostaíochta chomh hard le 20% agus bhí coinníollacha oibre go dona freisin. Fuair na hoibrithe obair ócáideach ar phá íseal. Bhí fostóirí in ann oibrithe a bhriseadh as a bpost am ar bith gan chúis faoi leith. Cuireadh oibrithe, a ghlac páirt i bhfrithdhúnadh 1913, ar liosta dubh, rud a chiallaigh nach mbeadh fostóirí eile sásta iad a fhostú. Bhris an Chéad Chogadh Domhanda amach 6 mhí i ndiaidh an fhrithdhúnta agus chuaigh a lán de na fir, a ghlac páirt sa fhrithdhúnadh, ag troid ann.

Foclóir

an ráta ab airde báis naíonán, an ráta ba mhó páiste a fuair bás: *highest rate of infant mortality*
an Ríocht Aontaithe: *the United Kingdom*
tionóntán/tionóntáin: *tenement(s)*
tá salachar ar x: *x is dirty*
bhí na ballaí tais: *the walls were damp*
dífhostaíocht: *unemployment*
obair ócáideach: *casual work*
mhéadódh ioncam an teaghlaigh: *the family's income would increase*
an frithdhúnadh: *the lockout*

Pá sa chogadh: Ar an lámh eile, fuair saighdiúirí pá rialta. Anuas air sin, tugadh 'airgead scartha' dá dteaghlach mar go raibh ar na saighdiúirí a bheith as baile. Mhéadódh ioncam teaghlaigh 150%, dá rachadh fear le saighdiúireacht in arm na Breataine, dar le fear as Loch Garman, James English. Dá gcaillfí saighdiúir i rith an troda, gheobhadh teaghlach an tsaighdiúra airgead freisin. Bhí pá banaltraí, a chuaigh ag obair leis an arm, beagnach dhá uair chomh hard le pá gnáthbhanaltra.

Éireannaigh ag troid



Fiosrú Focal

Féach ar na focail thíos. An bhfuil focail cosúil leo le fáil in aon teanga eile? Mura n-aithníonn tú na focail, bris síos i bhfocail níos lú iad.

cath	neodrach	toirpéad	armlón	Learpholl
cathlán/cathláin	lóistín	fomhuireán	Nua-Eabhrac	long
deacracht	cogadh cathartha	stailc	deis	scála

Tús an Chogaidh

Ó thús an chogaidh, ghlac Éireannaigh, a bhí in Arm na Breataine cheana, páirt sa chogadh. I gcéad chath Ypres, i mí Dheireadh Fómhair go Samhain 1914, throid líon ard fear ó na Royal Munster Fusiliers go cróga agus chabhraigh siad le fórsaí na Breataine an bua a fháil. Chan páistí Chorcaí amhrán á gceiliúradh leis na línte:

The Kaiser Bill tried very hard,
When he lined our front with
the Prussian Guard,
But the brave Old Munsters still
fought hard
and held them back at Ypres.

Bhí Éireannaigh sna cathláin atá le feiceáil ar an léarscáil ar dheis agus i gcathláin na nGardaí Éireannacha (Irish Guards), London Irish Rifles, Liverpool Irish agus Tyneside Irish. Nascadh na cathláin le chéile chun an 10ú Rannán, an 16ú Rannán (Éireannach) agus 36ú Rannán (Ulaidh) a chruthú.





An rúnaí cogaidh Field Marshal Herbert Horatio Kitchener, a rugadh i mBéal Átha Longfoirt, Co. Chiarraí, ar phostaer earcaíochta.

Tragóid an Lusitania

Long paisnéirí ab ea an Lusitania, a bhí ar a bealach ó Nua-Eabhrac go Learpholl ar an 7 Bealtaine 1915. Bhí beagnach 2,000 duine, mar aon le harmlóin, ar bord. Bhí an Lusitania 16 km ó Sheancheann Chionn tSáile ar chósta Chorcaí nuair a bhuail toirpéad ó fhomhuireán Gearmánach í. Chas an Lusitania ar a taobh agus bhí sé an-deacair na báid tharrthála a sheoladh. Chuaigh muintir na háite i gcabhair ar lucht an Lusitania agus d'éirigh leo 761 duine a tharrtháil.

Foclóir

in Arm na Breataine cheana: ***already in the British Army***
chan siad amhrán á gceiliúradh: ***they sang a song celebrating them***
póstaer earcaíochta: ***recruitment poster***
Seancheann Chionn tSáile: ***Old Head of Kinsale***
báid tharrthála a sheoladh: ***launch the lifeboats***
duine a tharrtháil: ***to rescue someone***
olluaigh/olluaigheanna: ***mass grave(s)***
gar do Ypres (baile sa Bheilg): ***close to Ypres***
a bheith rannpháirteach sa chogadh: ***to participate in the war***
bolscaireacht fhrithGhearmánach: ***anti-German propaganda***
earcaíocht: ***recruitment***

Tugadh na daoine a mhair go Queenstown (an Cóbh inniu) agus cuireadh lóistín ar fáil dóibh sna hospidéil agus tithe áitiúla. Cuireadh 150 de na mairbh in olluaigheanna gar do bhaile Queenstown.



Bhí na Stáit Aontaithe neodrach sa chogadh go dtí sin, ach chuir an tragóid brú ar an tír a bheith rannpháirteach sa chogadh. Tar éis thragóid an Lusitania, d'iompaigh muintir na Stát Aontaithe i gcoinne na Gearmáine. D'úsáid an Bhreatain pictiúir den Lusitania sa bholscaireacht fhrithGhearmánach a bhí acu agus tháinig méadú ar earcaíocht don chogadh.

An 10ú Rannán

Sa 10ú Rannán, bhí na chéad fhir a chláraigh don arm. Throid an 10ú Rannán sa Tuirc ag iarraidh an tír sin a bhrú amach as an gcogadh. Agus iad ann, d'fhulaing siad le heaspa uisce agus le teas samhraidh sa Tuirc. Tar éis dhá mhí, bhí leath den 10ú Rannán marbh, gortaithe, tinn nó ar iarraidh. Bhásaigh an-chuid de na hóglaigh nua in Gallipoli. Tháinig laghdú ar earcaíocht sa bhaile mar gheall ar an uafás a bhain leis an bhfeachtas in Gallipoli. Throid siad ina dhiaidh sin ar fhronta na Seirbia i gcoinne shaighdiúirí na Bulgáire, áit ar fhulaing siad faoi fhuacht an gheimhridh. D'éirigh siad tinn le dó seaca agus ó bheith gan chosaint sa drochaimsir. Scríobh an Captaen NE Drury as Cartlann Chumann Fiúsailéirí Ríoga Bhaile Átha Cliath ina dhialann 'Our overcoats are frozen hard, and when some of the men tried to beat theirs to make them pliable to lie down in they split like match wood.'

Foclóir

d'fhulaing siad: ***they suffered***
bhí siad ar iarraidh: ***they were missing***
Óglaigh: ***volunteers***
feachtas: ***campaign***
fronta na Seirbia: ***Serbian frontier***
dó seaca: ***frostbite***
Cartlann Chumann Fiúsailéirí Ríoga Bhaile Átha Cliath: ***the archive of the Royal Dublin Fusiliers***
aspalóid/maithiúnas ginearálta: ***general absolution***
séiplíneach: ***chaplain***
an t-iomann/na hiomainn: the hymn(s)
cuntais finné súl: ***eye-witness accounts***
an Fronta Thiar: ***the Western Front***
an t-ealaíontóir cogaidh: ***the war artist***

Bhí an 10ú Rannán páirteach i gCath Gaza sa bhliain 1917. Bhí coinníollacha deacra ag na saighdiúirí idir easpa uisce, teocht ard agus stoirmeacha gainimh. In 1918, cuireadh roinnt saighdiúirí ón 10ú Rannán go dtí an Fronta Thiar.

Sa phéintéireacht ar dheis, léirítear saighdiúirí ó na Royal Munster Fusiliers agus aspalóid/maithiúnas ginearálta á fháil acu ón séiplíneach an lá roimh cath Aubers Ridge i mí Bealtaine 1915 ar an bhFronta Thiar. Chan na saighdiúirí na hiomainn 'Te Deum' agus 'Hail Glorious St. Patrick' chun misneach a thabhairt dóibh féin. Bhásaigh an chuid ba mhó díobh laistigh de 24 uair an chloig. Ní raibh an t-ealaíontóir cogaidh Matania i láthair. Bhunaigh sé a phéintéireacht ar chuntais finné súl a bhailigh Jessie Rickard ó na saighdiúirí a mhair. Fuair fear céile Rickard bás sa chath. D'íoc sí as an bpéintéireacht seo chun na saighdiúirí a chomóradh.



The Last General Absolution of the Munster Fusiliers at Rue du Bois.

An 16ú Rannán (Éireannach)

Bhí a lán de na hÓglaigh Náisiúnta sa 16ú Rannán (Éireannach). Cuireadh an 16ú Rannán chuig Hulluch sa Fhrainc ar an bhFronta Thiar in earrach na bliana 1916. Bogadh ó dheas iad chun páirt a ghlacadh i gCath an Somme. Ar an gcéad lá de chath an Somme, maraíodh 20,000 saighdiúir ó Arm na Breataine. Lean an chogaíocht ag an Somme ar feadh 5 mhí agus is ceann de na cathanna is fuiltí sa stair é. Bhain an 16ú Rannán an bua amach ag cathanna Guillemont agus Ginchy, (dhá shráidbhaile i gceantar an Somme) ach cailleadh go leor fear. Chríochnaigh Cath an Somme gan aon dul chun cinn. I measc na nÉireannach a bhásaigh, bhí an t-iarpholaiteoir do Pháirtí an Rialtais Dúchais, Tom Kettle.

Bhuaigh an 16ú Rannán in Messines Ridge i bhFlóndras na Beilge ach bhí cailliúint mhór acu gar do Ypres. I measc na bhfear a maraíodh in Messines bhí Willie Redmond, Teachta Parlaiminte agus deartháir le ceannaire Pháirtí an Rialtais Dúchais, John Redmond.



Tógadh an cloigtheach thuas chun comóradh a dhéanamh ar na hÉireannaigh ar fad a cailleadh sa Chéad Chogadh Domhanda. Tá sé suite i bPáirc Síochána d'Oileán na hÉireann in Messines sa Bheilg.

An 36ú Rannán (Ulaidh)

Bhí a lán de na fir sa 36ú Rannán (Ulaidh) ina mbaill d'Óglaigh Uladh roimh an gcogadh. Ba é an 'Brú Mór' ar an Somme an chéad chuid mhór den chogaíocht don 36ú Rannán. Cé gur throid siad go cróga agus cé gur éirigh leis an 36ú Rannán a sprioc a bhaint amach, chaill siad beagnach 5500 saighdiúir. Throid an 16ú Rannán (Éireannach) agus an 36ú Rannán (Ulaidh) le chéile in Messines Ridge sa Bheilg agus ag an tríú cath in Ypres (Passchendaele) i samhradh na bliana 1917, nuair a cailleadh a lán fear.

Deacracht Shasana, deis na hÉireann – Éirí Amach na Cásca

Tharla dhá cheann de na cathanna ab fhuiltí agus ab fhaide sa Chéad Chogadh Domhanda sa bhliain 1916. I measc na nÓglach Éireannach a d'fhan sa bhaile le hEoin Mac Néill, bhí grúpa a chreid gurbh í 'deacracht Shasana, deis na hÉireann.' Ba cheart éirí amach a eagrú fad a bhí Arm na Breataine ag fulaingt ar Mhór-Roinn na hEorpa, dar leo.


Foclóir

- **deisceartach:** ***southerly***
- **is fuiltí/ab fhuiltí:** ***bloodiest***
- **deacracht Shasana í deis na hÉireann:** ***England's difficulty is Ireland's opportunity***
- **ag fulaingt:** ***suffering***
- **faoi lán seoil:** ***underway***
- **leithéidí:** ***the likes of***

Agus Éirí Amach na Cásca faoi lán seoil i mBaile Átha Cliath, rinne na Gearmánaigh ionsaithe móra gáis ar an 16ú Rannán. Bhásaigh ní ba mhó Éireannach ag Hulluch ná mar a bhásaigh san Éirí Amach. Ba bheag tacaíocht a thug saighdiúirí Éireannacha don Éirí Amach. Chuir an nuacht faoin éirí amach déistin ar leithéidí Emmet Dalton, a bhí sna hóglaigh ó bhí sé 15 bliana d'aois, agus a bhí faoi 17 mbliana d'aois nuair a chuaigh sé ag troid sa Chéad Chogadh Domhanda chun rialtas dúchais a chosaint.

Nuálaíochtaí Teicneolaíochta

Thosaigh ré nua sa teicneolaíocht chogaidh i rith an Chéad Chogadh Domhanda. Úsáideadh eitleáin den chéad uair le haghaidh buamála agus troda san aer. D'ionsaigh fomhuireáin nó U-báid Ghearmánacha aon long i bhfarraigí an namhad. Chruthaigh na Briotanaigh tanc chun an tsáinn ar an bhFronta Thiar a bhriseadh. Baineadh úsáid fhorleathan as mianaigh agus gránáidí. Baineadh úsáid as ceimiceáin den chéad uair i gcogadh chun gáis nimhneacha a dhéanamh. Bhí sí ní ba éasca ná riamh líon mór daoine a mharú.



An bhfuil a fhios agat?

- **Éireannach ab ea an Briogáidire Charles FitzClarence (VC) (a rugadh i gcontae Chill Dara) a bhí i gceannas ar an scothghrúpa, Guards Brigade. Threoraigh sé a chathlán féin, chun an bua a fháil ar chathlán eile, a raibh saighdiúir darbh ainm Adolf Hitler ann.**



- **B'fhear as Dún na nGall é an chéad chaptaen ar na All Blacks, Dave Gallaher. Fuair sé bás ag Cath Passchendaele in 1917. I Samhain 2018, leag foireann rugbaí na Nua-Shéalainne agus foireann pheile Bhaile Átha Cliath bláthfhleasca ag dealbh a chomóir saighdiúirí a bhásaigh sa chogadh mór. Rinneadh loitiméireacht ar na bláthfhleasca agus ar an dealbh go gairid ina dhiaidh sin.**



Foclóir

troid san aer: *aerial combat*
fomhuireán/fomhuireáin: *submarine(s)*
i bhfarraigí an namhad: *in enemy waters*
sáinn: *stalemate*
forleathan: *widespread*
gránáid/gránáidí: *grenade(s)*
ghéill siad: *they surrendered*
bláthfhleasc/bláthfhleasca: *wreath(s)*
loitiméireacht: *vandalism*
ní ba eadroime: *lighter*
ní ba ghiorra: *shorter*

Saol na mBan



Fiosrú Focal

Féach ar na focail thíos. An bhfuil focail cosúil leo le fáil in aon teanga eile? Mura n-aithníonn tú na focail, bris síos i bhfocail níos lú iad.

Cumann Croise Deirge na hÉireann	taithí	oibrí/oibrithe	otharcharr	garchabhair
eagraíocht/eagraíochtaí	leanúnach	tiománaí/tiománaithe	bindealán	éide saighdiúra

Ag Obair Lasmuigh den Teaghlach



Oibrithe ban agus soic na sliogán á leasú acu i Monarcha Náisiúnta na Sliogán, i Sráid Gheata na Páirce, Baile Átha Cliath i rith an Chéad Chogadh Domhanda. Cén tsiombail a fheiceann tú ar an mbrat?

Mhéadaigh líon na mban a bhí ag obair lasmuigh den teaghlach i rith an chogaidh. D'oibrigh an-chuid ban mar bhanaltraí, cuid acu go gairmiúil le heagraíochtaí Briotanacha, leithéidí an Queen Alexandra Imperial Military Nursing Service. Meastar gur oibrigh 4,500 bean, nach raibh aon taithí bhanaltrachta acu, leis an Voluntary Aid Detachment (VAD), Cumann Croise Deirge na hÉireann agus Otharsheirbhís Naomh Eoin. Thugtaí trí mhí oiliúna do na banaltraí deonacha. D'oibrigh cuid de na banaltraí sna hospidéil chogaidh a osclaíodh in Éirinn chun aire a thabhairt do na saighdiúirí a raibh cúram leanúnach ag teastáil uathu. D'oibrigh cuid eile de na banaltraí Éireannacha ag na frontaí sa Bhreatain, sa Fhrainc agus in áiteanna chomh fada i gcéin leis an Tuirc, Málta agus an Phalaistín.

Bhí mná in ann cabhrú le hobair an chogaidh ar bhealaí eile freisin. D'oibrigh siad i bpoist a bhí á ndéanamh ag fir go dtí sin, mar shampla stiúrthóirí bus, maoirseoirí i siopa ilrannach, tiománaithe otharchairr, oibrithe feirme agus oibrithe oifige. Osclaíodh monarchana muinisean i gCorcaigh, Baile Átha Cliath, Gaillimh agus Port Láirge freisin. Fostaíodh 2,100 duine iontu. Mná den chuid ba mhó a d'oibrigh sna monarcha. Ní raibh cead níos nó ná 5% de na hoibrithe a bheith ina mbuachaillí nó ina bhfir.

Rinne mná obair dheonach freisin, mar shampla bindealáin a chur ar ghortuithe, cóirithe cneá, éide saighdiúra a dhéanamh agus tiomsú airgid. Fuair a lán ban oiliúint garchabhrach ag an am.

Fuair go leor ban smacht ar airgead an tí den chéad uair, toisc go raibh a bhfir chéile imithe ag troid. Cé gur fhás líon na mban a bhí ag obair lasmuigh den bhaile ar fud na hEorpa ag an am, ní raibh an fás in Éirinn chomh hard is a bhí i dtíortha eile mar nár cuireadh coinscríobh i bhfeidhm sa tír seo. Chaill formhór na mban a bpoist nuair a chríochnaigh an cogadh.

Foclóir

otharsheirbhís Naomh Eoin: *St John Ambulance*
go gairmiúil: *professionally*
oiliúint: *training*
i gcéin: *far away*
cúram: *care*
maoirseoirí i siopa ilrannach: *department store supervisors*
monarchana muinisean: *munitions factories*
cóirithe cneá: *dressings*
tiomsú airgid: *fundraising*
coinscríobh: *conscription*
soic na sliogán á leasú: *adjusting the nozzle of the shells*

Faisean

Tháinig athrú mór ar éadaí na mban mar gheall ar na róil nua a bhí ag mná. Go dtí seo, chaitheadh mná gúnaí a raibh sciortaí fairsinge orthu, agus fosciortaí freisin, iad chomh fada leis an talamh. D'éirigh gúnaí agus sciortaí ní ba éadroime agus ní ba ghiorra. D'éirigh hataí ní ba lú agus chaith mná seaicéid agus sciortaí den chuid ba mhó.

An Eacnamaíocht

Fiosrú Focal


Féach ar na focail thíos. An bhfuil focail cosúil leo le fáil in aon teanga eile? Mura n-aithníonn tú na focail, bris síos i bhfocail níos lú iad.

long	éadach	talmhaíocht	sliogán/sliogáin	pléascadh
longtógáil	línéadach	sibhialtach/sibhialtaigh	armadóireacht	pléascán/pléascáin

Focláir

grúdaireacht: ***brewing***
driogadh: ***distilling***
soláthairtí: ***supplies***
éileamh: ***demand***
táirgí: ***products***
diúracán: ***projectile, missile***

Bhí 4 phríomhthionscal in Éirinn nuair a bhris an cogadh amach: (i) talmhaíocht, (ii) déantúsaíocht linéadaigh, (iii) longtógáil agus (iv) grúdaireacht agus driogadh. Bhí tionchar dearfach ag an gcogadh ar chuid díobh sin agus faoin mbliain 1916, bhí eacnamaíocht na hÉireann ag dul ó neart go neart.



Stáisiún traenach Chill Áirne, Co. Chiarraí.

Bhí ról tábhachtach ag sibhialtaigh in armadóireacht, soláthairtí agus bia. I mBéal Feirste, bhí 37,000 duine ag obair i dtógáil long cogaidh. Sa chathair chéanna, rinne James Mackie & Sons tuairim is 75,000,000 sliogán i rith an Chéad Chogadh Domhanda. Rinne Kynoch's i gContae Chill Mhantáin céad tonna pléascán sa tseachtain. Idir 1917 agus deireadh an chogaidh, rinne an Great Southern and Western Railway Company i mBaile Átha Cliath beagnach milliún páirt do dhiúracáin.

D'éirigh go maith leis an talmhaíocht in Éirinn i rith an chogaidh. D'éirigh feirmeoirí ní ba shaibhre mar gheall ar an éileamh a bhí ar a gcuid táirgí sa Bhreatain.

Patrún Athraithe sa Bhia agus sa Deoch

Bhí ní ba lú bia ag teacht go hÉirinn mar gheall ar ionsaithe Gearmánacha ar longa soláthairtí. Ag an am céanna, bhí ní ba mhó bia ná riamh á easportáil as Éirinn chuig an mBreatain Mhór chun cabhrú leis an gcogadh. Dá bhrí sin, méadaíodh praghsanna an bhia in Éirinn faoi dhó idir 1914 agus 1918. D'éirigh sé deacair teacht ar ghlasraí, torthaí agus feoil úr freisin. Bhí ganntanas prátaí, aráin, bainne agus ime sa tír. Bhíodh scuainí fada lasmuigh de shiopaí agus daoine ag iarraidh bia a cheannach. Roimh an gcogadh, bhíodh teaghlach ar ioncam íseal in ann ceann muice a cheannach mar fhoinse feola ar feadh seachtaine, ach faoi 1916 bhí costas ceann muice ró-ard don teaghlach céanna. Cuireadh cosc ar fheoil a ithe ar an gCéadaoin agus ar an Aoine sa bhaile, i mbialanna, óstáin agus clubanna.

Faoi 1917, bhí géarchéim bhia ann. Bunaíodh an People's Food Committee i gcathair Chorcaí chun stop a chur le heasportáil bia, le lámh láidir dá mba ghá. Tharla gortaí i dtíortha eile de dheasca an chogaidh. Chreid daoine go bhféadfadh gorta mór tarlú arís agus faoi 1918, bhí gorta ag bagairt ar Oileán Acla, Co. Mhaigh Eo. Moladh do dhaoine sna bailte agus sna cathracha a mbia féin a fhás: 'the allotments of 1918 must replace the soup kitchens of '46 and '47.' Nuair a thug Éamon de Valera, (ceannaire Shinn Féin) cuairt ar Cheann Toirc, Co. Chorcaí, dúirt sé:

An bhfuil a fhios agat?

Tagann ainmneacha na laethanta Aoine agus Céadaoin ón bhfocal 'aoine' a chiallaíonn troscadh (fasting) – an chéad throscadh sa tseachtain nó an 'chéad aoine', agus an aoine.

'Did you not hear of famine – the year 1847? At that time there was sufficient food in this country to support its then large population. But what was the result? The English soldiers took it away and left three million people either fall victim to famine or emigrate to a foreign shore. England would like to enrol Irishmen in her armies to act as cannon-fodder out in Flanders.'

Bhí an-imní i measc an phobail faoi ghorta. D'fhás foréigean as an nganntanas bia ar fud na tíre idir 1917 agus 1918. Gabhadh paistí talún ó fheirmeoirí móra chun barra a fhás a dhíolfaí in Éirinn. Gabhadh ainmhithe agus barra a bhí á n-easportáil. Díoladh leis na boicht iad ar phraghas íseal.

Foclóir

long/longa soláthairtí: ***supply ship(s)***
easportáil: ***exporting***
gann: ***scarce***
ar ioncam íseal: ***on a low income***
ceann muice: ***pig's head***
foinse feola: ***source of meat***
géarchéim: ***crisis***
Oileán Acla: ***Achill Island***
Ceann Toirc: ***Kanturk***
foréigean: **violence**
ganntanas prátaí: ***scarcity of potatoes***
gabhadh (aimsir chaite, briathar saor, gabh): ***confiscated***
paistí talún: ***pieces of land***
barr/barra: ***crop(s)***
nuachtscannán/nuachtscannáin: ***newsreel(s)***

Caithimh Aimsire

Mar gheall ar an méadú a tháinig ar chostas an ghuail, ní raibh an líon céanna traenacha ar fáil agus mhéadaigh costas ticéad go mór. Ní raibh daoine in ann taisteal chomh minic céanna cois farraige, dul ar laethanta saoire, nó dul chuig cluichí. Mhéadaigh an líon daoine a d'fhreastail ar an bpictiúrlann áfach. Chonaic daoine nuachtscannáin faoin gcogadh ag tús gach scannáin.

Foclóir

teifeach/teifigh: ***refugee(s)***
cogadh cathartha: ***civil war***
lóistín: ***accommodation***
brú/brúnna: ***hostel(s)***
teach/tithe na mbocht: ***poor house(s)***
searbhónta/searbhóntaí: ***servant(s)***
bean/mná rialta: ***nun(s)***
manach/manaigh: ***monk(s)***
mná rialta Beinidicteacha: ***Benedictine nuns***
Mainistir na Coille Móire: ***Kylemore Abbey***

Teifigh

Ceapadh go mbrisfeadh cogadh cathartha amach idir Óglaigh Uladh agus Óglaigh na hÉireann. Bhí pobal na Breataine ullamh teacht i gcabhair ar na teifigh a thiocfadh chucu as an gcogadh sin. Níor tharla an cogadh cathartha ach bhí siad réidh fáiltiú roimh theifigh a thiocfadh as áiteanna eile freisin, an Bheilg mar shampla. Mar gheall ar an dainséar a bhain leis an bhfarraige idir Éire agus an Bhreatain, níor tháinig ach líon beag teifeach ón mBeilg, tríd an mBreatain, go hÉirinn. Tugadh lóistín i dtithe príobháideacha, brúnna agus tithe na mbocht do na teifigh a thaistil go hÉirinn. Tharla ceolchoirmeacha chun airgead a bhailiú dóibh agus d'oibrigh cuid de na teifigh in armadóireacht nó mar shearbhóntaithe.

Tháinig go leor ban rialta agus manach go hÉirinn ón mBeilg ag an am, ina measc mná rialta Beinidicteacha. Cheannaigh siad Mainistir na Coille Móire i gConamara agus tá siad in Éirinn ó shin.

Críoch an Chogaidh

Bhí an cogadh ar siúl ar feadh 3 bliana sular ghlac breis is milliún saighdiúir Meiriceánacha páirt ann sa bhliain 1917. Chas an taoide i gcoinne na gCumhachtaí Lárnacha, agus sa bhliain 1918, ghéill na Cumhachtaí Lárnacha ag a 11 a chlog ar an 11 Samhain. Bhuail ceannairí na gComhghuaillithe le chéile ina dhiaidh sin ag Pálás Versailles chun todhchaí na hEorpa a phlé. Síníodh Conradh Versailles, inar gearradh pionóis ar na Cumhachtaí Lárnacha, an Ghearmáin ach go háirithe. Chuir sé seo fearg ar chuid mhór de phobal na Gearmáine, Adolf Hitler ina measc.

Iarmhairtí an Chogaidh Mhóir ar Éirinn

Bás: Meastar go bhfuair suas le 49,000 Éireannach bás sa Chéad Chogadh Domhanda i ndiaidh a bheith ag troid in airm éagsúla.

Filleadh Seansaighdiúirí: D'fhill 100,000 seansaighdiúir ar Éirinn faoi 1920. Bhí na fir sin athraithe go mór de bharr an eispéiris a bhí acu ag troid. Gortaíodh go fisiciúil nó go síceolaíoch iad i rith an chogaidh. Bhí Éire athraithe go mór freisin. D'fhill seansaighdiúirí ar thír a bhí i lár cogaidh í féin – Cogadh na Saoirse, 1919-1921. An nglacfaidís páirt sa chogadh nua? Dá nglacfadh, cén taobh ar a mbeidís ag troid? Throid líon beag seansaighdiúirí le hArm Phoblacht na hÉireann. Bhí taithí mhíleata Tom Barry agus Emmett Dalton an-luachmhar d'Arm Phoblacht na hÉireann. Ar an lámh eile, throid líon beag seansaighdiúirí leis na Dúchrónaigh.

Ní raibh baint ag an gcuid ba mhó de na seansaighdiúirí le Cogadh na Saoirse. D'fhill an taiscéalaí Tom Crean ar Éirinn sa bhliain 1920 tar éis blianta a chaitheamh i gcabhlach ríoga na Breataine. Níor labhair sé riamh faoi na turais a rinne sé go dtí an tAntartach. Bhí Éire athraithe go mór agus faoi 1919, ba náireach an rud é baint a bheith ag duine le fórsaí míleata na Breataine. Maslaíodh seansaighdiúirí go poiblí mar gheall ar a ngortuithe, ionsaíodh a dtithe agus mharaigh Arm Phoblacht na hÉireann 120 seansaighdiúir idir 1919 agus 1924. Ní raibh cead ag seansaighdiúirí poist áirithe a dhéanamh, mar shampla poist sa státseirbhís.

Neodracht: Ní raibh aon rogha ag an tír seo ach a bheith páirteach sa Chéad Chogadh Domhanda. Faoin uair a bhris an Dara Cogadh Domhanda amach sa bhliain 1939, bhí neamhspleáchas bainte amach ag Éirinn. Roghnaigh rialtas na tíre go mbeadh Éire neodrach sa Dara Cogadh Domhanda, rud a léirigh neamhspleáchas na hÉireann ón mBreatain don domhan mór.

Féiniúlacht Ultach: D'éirigh féiniúlacht Ultach ní ba láidre. Mar gheall ar an ról a bhí ag aontachtaithe i gcathanna, leithéidí an Somme, mhothaigh siad go raibh sé tuillte acu fanacht faoi riail pharlaimint Westminster.

Vótaí do mhná: Bhí gluaiseacht na sufraigéidí ag lorg vótaí do mhná in Éirinn ó chasadh an chéid. Anuas air sin, chuir na róil a bhí ag mná i rith bhlianta an chogaidh leis na hargóintí a bhí ag sufraigéidí i bhfabhar chearta vótála a thabhairt do mhná. I mí na Nollag 1918, fuair mná áirithe sa Ríocht Aontaithe ceart vótála den chéad uair.

Litríocht chogaidh: Spreag an Chéad Chogadh Domhanda go leor filíochta, úrscéalta agus drámaí. I measc na nÉireannach a scríobh dánta faoin tréimhse a chaith siad sa chogadh, bhí Thomas Kettle agus Francis Ledwidge. Scríobh Liam Ó Flaithearta an t-úrscéal 'Return of the Brute' mar thoradh ar an gCéad Chogadh Domhanda.

An bhfuil aon staidéar déanta agat ar litríocht Bhéarla faoin gCéad Chogadh Domhanda?



Go luath sa chogadh, fuair George Harrison bás. Ba Lieutenant-Colonel é, agus bhí sé ag troid leis na Gardaí Éireannacha chun an Fhrainc a chosaint ar ionradh Gearmánach. Déantar comóradh air san fhuinneog dhaite sa séipéal Caitliceach sa Spidéal, i gConamara, Contae na Gaillimhe.

Foclóir

- filleadh seansaighdiúirí: *return of veterans*
- a n-eispéireas troda: *their fighting experience*
- go síceolaíoch: *psychologically*
- i lár cogaidh: *in the middle of a war*
- Arm Phoblacht na hÉireann: *Irish Republican Army*
- na Dúchrónaigh: *the Black and Tans*
- Cogadh na Saoirse: *War of Independence*
- taiscéalaí: *explorer*
- i gcabhlach ríoga na Breataine: *in the British navy*
- an tAntartach: *the Antarctic*
- maslaíodh seansaighdiúirí: *veterans were insulted*
- státseirbhís: civil service
- féiniúlacht Ultach: *Ulster identity*
- bhí sé tuillte acu: *they earned, deserved it*
- gluaiseacht na sufraigéidí: *the suffragette movement*
- casadh an chéid: *turn of the century*
- i bhfabhar: *in favour of*

Ba dhuine é William Butler Yeats nár throid sa chogadh, ach spreag an cogadh é. Scríobh sé an dán 'An Irish Airman Forsees His Death'. Scríobh Jennifer Johnston an t-úrscéal cáiliúil 'How Many Miles to Babylon?'

An Cogadh Mór a Chomóradh

Bíonn comóradh ag na Comhghuaillithe gach Samhain chun íobairt saighdiúirí a bhásaigh sa chogadh a aithint. Sa Bhreatain agus i measc an phobail aontachtaigh in Ulaidh, caitear poipín ar feadh na míosa. Is lá náisiúnta comórtha é Domhnach Cuimhneacháin nuair a thagann an pobal agus an t-arm le chéile chun bláthfhleasc a leagan ag dealbha cogaidh.

Diúltaíonn an t-imreoir sacair James McClean poipín a chaitheamh ar a gheansaí sacair i rith mhí na Samhna. Is siombail é an poipín d'arm na Breataine, arm a bhí freagrach as sibhialtaigh a mharú ina bhaile féin, cathair Dhoire, i rith Dhomhnach na Fola, 1972.

Ar feadh i bhfad, ní dhearnadh comóradh ar na saighdiúirí Éireannacha a bhásaigh sa Chéad Chogadh Domhanda. Ba é an cogadh ar son poblachta a thosaigh in Éirinn in 1919 ba chúis leis sin. Féachadh ar na saighdiúirí sin mar dhaoine nach raibh dílis d'Éirinn cé gur ghlac siad páirt sa Chéad Chogadh Domhanda ar chúiseanna éagsúla. Bhain conspóid le comóradh a dhéanamh ar shaighdiúirí a ghlac páirt sa Chéad Chogadh Domhanda. Rinneadh loitiméireacht ar go leor cuimhneachán díobh timpeall na tíre. Ba é an sampla ba cháiliúla ná sa bhliain 1987, phléasc Arm Phoblacht na hÉireann buama in Inis Ceithleann, in aice le dealbh a rinne comóradh ar an gCéad Chogadh Domhanda i rith shearmanas Dhomhnach Cuimhneacháin. Maraíodh aon duine dhéag.

Foclóir

Samhain: *November*
Domhnach Cuimhneacháin: *Remembrance Sunday*
íobairt saighdiúirí: *sacrifice of soldiers*
íobairt a aithint: *to recognise the sacrifice*
an poipín: *the poppy*
bláthfhleasc a leagan: *to lay a wreath*
ar son poblachta: *for a republic*
daoine nach raibh dílis: *people who weren't loyal*
d'ainneoin: *despite*
dílseacht: *loyalty*
conspóid: *controversy*
loitiméireacht: *vandalism*
cuimhneachán/cuimhneacháin: *memorial(s)*
searmanas: *ceremony*
Domhnach na Fola: *Bloody Sunday*



James McClean ag imirt ar son na hÉireann.



Searmanas ag an leacht cuimhneacháin (cenotaph) i dTrá Lí, Co Chiarraí, Domhnach Cuimhneacháin, Samhain 2023. Leag an tArdmhéara bláthfhleasca, sheinn píobaire agus dúirt sagart Caitliceach agus ministir Protastúnach paidreacha.

Bileog Oibre

An Chéad Chogadh Domhanda agus Comóradh

Cuid A: Is sráidbhaile é Tairbeart i gContae Chiarraí. Sa ghrianghraf, tá leacht cuimhneacháin a dhéanann comóradh ar shaighdiúirí an tsráidbhaile i gcogaí domhanda. Freagair na ceisteanna thíos.



1. Ainmnigh na cogaí a ndéantar comóradh orthu ar an gcuimhneachán seo.
2. Ón eolas atá agat ar an stair, cén bhliain a thosaigh an Chéad Chogadh Domhanda?
3. Cé mhéad fear ón mbaile seo a bhásaigh sa Chéad Chogadh Domhanda?
4. Cé mhéad fear ón mbaile seo a bhásaigh sa Dara Cogadh Domhanda?
5. Cén bhliain a bhásaigh na chéad fhir as an sráidbhaile i gcogadh domhanda?
6. Cén bhliain a bhásaigh an líon ba mhó fear as an sráidbhaile i gcogadh domhanda?
7. Ón eolas atá agat ar an stair, cén bhliain a chríochnaigh an Chéad Chogadh Domhanda?
8. Cén cogadh a raibh an tionchar ba mhó aige ar an sráidbhaile seo? Mínigh do fhreagra.
9. Cad a cheapann tú de dhearadh an chuimhneacháin seo? Mínigh do fhreagra.
10. An smaoineamh maith nó olc é dhá chogadh a chomóradh ar chuimhneachán amháin? Mínigh do fhreagra.
11. Cén cogadh a raibh an tionchar ba mhó aige ar mhuintir na hÉireann? Mínigh do fhreagra.

Cuid B:

1. Roghnaigh sráideanna i do cheantar agus féach cérbh iad na daoine ó na sráideanna sin a bhásaigh i rith an chogaidh. Úsáid an suíomh seo chun cabhrú leat.
   https://astreetnearyou.org/#=undefined&lat=10&lon=0&zoom=2
2. Cá bhfuil an cuimhneachán nó an dealbh is cóngaraí duitse, a dhéanann comóradh orthu siúd a ghlac páirt sa chogadh mór?
   - Mínigh an saghas comórtha é.
   - Cé air a ndéanann sé comóradh? An bhfuil ainmneacha na ndaoine air?
   - Cá bhfuil sé suite?
   - Cén fáth a roghnaíodh an suíomh sin don chuimhneachán, an gceapann tú?
3. An bhfuil an cuimhneachán nó dealbh is cóngaraí duitse luaite ag an nasc seo?
   http://www.irishwarmemorials.ie/Places

Cuid C: Féach ar an tábla agus freagair na ceisteanna.

1. Cé mhéad fear as Tairbeart i gContae Chiarraí a throid sa Chéad Chogadh Domhanda?
2. Cuir an tábla seo i gcomparáid leis an ngrianghraf den chuimhneachán. Cé mhéad de na fir a tháinig slán as an gcogadh? Cén céatadán é sin de na fir ar fad a throid sa chogadh ó Thairbeart?
3. Cé mhéad de na fir a throid leis an reisimint áitiúil Royal Munster Fusiliers?
4. An raibh nós na himirce i dTairbeart ag an am? Mínigh do fhreagra le samplaí ón tábla.
5. Cén aois a bhí ag an saighdiúir ab óige sa bhliain 1914?
6. Cén aois a bhí ag an saighdiúir ba shine sa bhliain 1914?
7. Cad é an mheánaois a bhí ag na saighdiúirí sa bhliain 1914?
8. An raibh tionchar beag nó mór ag an gCéad Chogadh Domhanda ar phobal Tairbirt, an gceapann tú? Scríobh alt a mhíníonn do fhreagra.
9. An raibh tionchar beag nó mór ag an gCéad Chogadh Domhanda ar mhuintir na hÉireann, an gceapann tú? Scríobh alt a mhíníonn do fhreagra.

Fir ó Thairbeart a Throid sa Chogadh Mór		
Ainm	**Reisimint**	**Aois in 1914**
John Liston	Irish Guards	34
Robert Murray	York and Lancaster Regiment	36
Duncan Hunter	Royal Irish Rifles	36
Thomas MacGreevy	Royal Field Artillery	21
Michael Lynch	Royal Munster Fusiliers	18
Jeremiah Cregan	Arm na Stát Aontaithe	32
Thomas Whitaker	Grenadier Guards	20
Thomas Keane	Arm na Stát Aontaithe	27
Henry De Courcy	Leinster Regiment	17
Jimmy Moloney	Cabhlach Ríoga na Breataine	38
Gerald Harris	Royal Dublin Fusiliers	Ní fios
Tom Histon	Royal Munster Fusiliers	17
WM. Fitzmaurice	Royal Muster Fusiliers	19
Jer Fitzmaurice	Royal Munster Fusiliers	21
Charlie Gallaher	Arm na Breataine	Ní fios
Gerard Murphy	Arm na Stát Aontaithe	Ní fios
Mickie Mangan	Ní fios	34
Cecil Rowland Leslie	Royal Munster Fusiliers	39
Pado Bunce	Royal Munster Fusiliers	20
John D. Finucane	Arm na Stát Aontaithe	20
Tom Mulcaire	Cabhlach Ríoga na Breataine	18
John Donovan	Canadian Infantry	34
Desmond Quinn	Royal West Surrey Regiment	21
Michael Patwell	Arm na Stát Aontaithe	21
Stephen Cregan	Arm na Stát Aontaithe	34



Bileog Oibre

Ag obair le foinsí

Cuid A: Féach ar na taifid dhaonáirimh do theaghlach Uí Loingsigh (Lynch) a raibh cónaí orthu i gContae Chiarraí in 1901 agus freagair na ceisteanna.

https://www.census.nationalarchives.ie/pages/1901/Kerry/Tarbert/Tieraclea__Lower/1424741/

https://www.census.nationalarchives.ie/reels/nai000884256/

1. Cén seoladh a bhí ag muintir Uí Loingsigh ar an bhfoirm daonáirimh?
2. Cén t-ainm atá ar an gcuairteoir?
3. Cé mhéad páiste a bhí sa teaghlach?
4. Cé mhéad fear agus cé mhéad ban atá sa teaghlach?
5. Cén aois atá ag an duine is óige sa teaghlach?
6. Cé hé an 'ceann teaghlaigh' (head of family)?
7. Cén aois atá ag an duine is sine sa teaghlach?
8. Cén reiligiún atá ag an teaghlach ?
9. An bhfuil fianaise den traidisiún míleata sa teaghlach? Mínigh do fhreagra.
10. Cén bhliain a rugadh an Michael is sine? Cén aois a bhí ag an Michael sin nuair a thosaigh an Gorta Mór?
11. An luaitear aon phost le haon duine sa teaghlach?
12. Cén stádas atá ag an nGaeilge sa teaghlach?

An Ghramadach

1: duine amháin

2: beirt

3: triúr

4: ceathrar

5: cúigear

6: seisear

7: seachtar

8: ochtar

9: naonúr

10: deichniúr

Cuid B: Féach ar na taifid dhaonáirimh don teaghlach céanna, 10 mbliana ní ba dhéanaí agus freagair na ceisteanna.
https://www.census.nationalarchives.ie/pages/1911/Kerry/Tarbert/Chapel_Street/276525/
https://www.census.nationalarchives.ie/reels/nai002500116/

1. Cé mhéad páiste a bhí sa teaghlach in 1911?
2. Cén aois atá ag an duine is óige sa teaghlach in 1911?
3. Cé hí an 'ceann teaghlaigh' anois?
4. Cén aois a bheidh ag Michael sa bhliain 1914?
5. Tabhair cur síos ar dhá athrú eile atá tagtha ar an teaghlach ó 1901.

Cuid C: Féach ar na foinsí difriúla a bhaineann le saighdiúir amháin as Tairbeart a throid sa Chogadh Mór, Leascheannaire (Lance Corporal) Michael/Mikie Lynch. Freagair na ceisteanna a ghabhann leo.



Foinse A: **Michael Lynch**

Foinse B: **Sliocht as litir**

Army Barracks
Fermoy.
10/10/1915


Dear Mamie,


I was ashamed to be in Tarbert on account of all the fellows being listed so I said to myself, I would not wait for conscription as there is great talk of it now... I do not expect to see the front for some time as soldiers are generally kept in training for six months. We might not be kept so long but I don't much mind as I came up to fight for my country so do not be worried about me...

With Love to All

From
Mikie

Foinse C: **Cárta poist**





Campaign — 1914-15.

(A) Where decoration was earned.

(B) Present situation.

Name	Corps	Rank	Reg. No.	MEDAL	ROLL	PAGE
(A) LYNCH	R. Mun. Fus.	Pte	6466	VICTORY	A/103 16	941
(B) Medal	— " —	— " —	— " —	BRITISH	do	do
				★ STAR	A/1130	182

Action taken — K in A.

THEATRE OF WAR. (1) France

QUALIFYING DATE 15-12-15

(6 34 46) W284—H P5590 500,000 4/19 HWV(P240) K508

Foinse D: **Cárta Innéacs Bonn**



Foinse E: **Na boinn a fuair Michael Lynch**

Ceisteanna:

1. Cén saghas foinse í Foinse A? Cén saghas eolais a thugann sé duit faoin gcogadh?
2. Cén saghas eolais a thugann Foinse B faoi na hullmhúcháin don chogadh?
3. Níor scríobh Michael Lynch aon rud faoina shaol féin ar an gcárta poist. Cén chúis a d'fhéadfadh a bheith leis sin, an gceapann tú?
4. Cén t-eolas atá le fáil ar Fhoinse D, i) faoin áit a raibh Michael Lynch ag troid ii) faoin mbonn a fuair sé? Céard is brí le 'K in A', an gceapann tú?
5. An bhfuil an ráiteas a leanas fíor nó bréagach, dar leat? 'Is gá don staraí a lán foinsí a úsáid chun an mórphictiúr a fháil den stair.' Mínigh do fhreagra.
6. Tá tú ag obair in iarsmalann, agus tá taispeántas le hullmhú agat ar fhoinsí ó shaighdiúirí a throid sa Chéad Chogadh Domhanda. Scríobh alt a bheadh oiriúnach faoi Michael Lynch agus faoina shaol i rith an Chéad Chogadh Domhanda. Úsáid an t-eolas ó na daonáirimh agus ó Fhoinsí A-E chun cabhrú leat.


Ceist duitse!


An bhfuil gaol ar bith agat a bhí páirteach sa Chéad Chogadh Domhanda? Má tá, déan taighde air/uirthi.

Bileog Oibre

Patrúin athraithe sa bhia agus sa deoch

Cuid A: Féach ar na pictiúir agus freagair na ceisteanna a ghabhann leo.





Modh Usáidte na gCúpón.

Siúicre, Tae, Im, Margairín, Plúr agus Arán.—Ní foláir duit clárú le siopadóir chun do chiondála siúicre, tae, ime, margairín, plúir agus aráin d'fháil. Nuair a bheidh clárú á dhéanamh agat cuir t'ainm agus do sheóladh agus an dáta ar an leathanach cúpón iomchuibhe sa spás atá ann chuige sin. Beir leat an leabhar ciondála go dtí an siopadóir no cuir chuige é. Gearrfaidh an siopadóir amach an leathanach cúpón agus ba cheart dó an dáta agus uimhir an leathanaigh do gearradh amach agus a sheóladh do chur isteach, agus a ainm do shighniú ar an gcéad líne fholamh ar an taobh istigh de chlúdach (tosaigh no cúil) an leabhair chiondála. Foillseoidh an Roinn Tionscail agus Tráchtála ó am go ham sna páipéirí nuachta fógra á innsint cad iad na leathanaigh chúpón iomchuibhe bheidh le húsáid chun ciondála siúicre, tae, ime, margairín, plúir agus aráin d'fháil.

Milseóga Plúir.—Tá cead agat milseóga plúir d'fháil i n-ionad aráin san tsiopa in-a bhfuilir cláraithe. Gach aon uair a cheannóir milseóga plúir i siopa eile tabhair do leabhar ciondála don tsiopadóir chun go bhfeadfa sé na cúpóin iomchuibhe do ghearradh amach.

Galluanach.—Gach aon uair a cheannóir galluanach tabhair do leabhar ciondála don tsiopadóir chun go bhféadfa sé an cúpón iomchuibhe do ghearradh amach.

How to Use Coupons.

Sugar, Tea, Butter, Margarine, Bread and Flour.—You must register with a shopkeeper in order to draw your rations of sugar, tea, butter, margarine, bread and flour. To register you should enter your name and address and the date on the appropriate page of coupons in the space indicated. Bring or send the ration book to the shopkeeper. The shopkeeper will cut out the page of coupons and he should insert the date, the number of the page detached and sign his name and insert his address on the first vacant line on the inside of the cover (front or back) of the ration book. Directions will be given by the Department of Industry and Commerce in the public Press from time to time as to the appropriate pages of coupons to be used in drawing sugar, tea, butter, margarine, bread and flour rations.

Flour Confectionery.—You may obtain flour confectionery in lieu of bread at the shop where you are registered. Whenever you buy flour confectionery at another shop you should hand your ration book to the shopkeeper to enable him to cut out the appropriate coupons.

Soap.—Every time you purchase soap you should hand your ration book to the shopkeeper to enable him to cut out the appropriate coupon.

1. Cén teideal atá ar an leabhar seo?
2. Ar úsáideadh an leabhar seo i) tar éis an Chéad Chogadh Domhanda nó ii) tar éis an Dara Cogadh Domhanda?
3. Cad iad na bianna a ndearnadh ciondáil orthu sa bhliain 1948?
4. Conas a d'oibrigh na cúpóin?
5. Céard is brí le ciondáil, dar leat?

Cuid B: Dul Siar

1. Cén tslí a ndearnadh ciondáil ar fheoil i rith an Chéad Chogadh Domhanda?
2. Cad iad na bianna, seachas feoil, a d'éirigh gann i rith an chogaidh mhóir?
3. Cad a tharla do phraghas an bhia i rith an Chogaidh Mhóir?
4. Cén a fáth a raibh sé deacair bianna a fháil ó thíortha eile ag an am?
5. Críochnaigh an abairt: Cheap go leor daoine in Éirinn go bhféadfadh _____ eile tarlú mar gheall ar an gCogadh Mór.